# Gearrscannáin T1

don Chéad Bhliain

| | |
|---|---|
| ***An t-Ádh***<br>20 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Colm Bairéad<br>**Scríbhneoir:** Medb Johnstone<br><br>Scéal é seo atá bunaithe ar shaothar Phádraic Uí Conaire. Is iomaí casadh sa saol seo ach is beag an chuimhne a bhíonn ag Liam ar an méid atá i ndán dó nuair a shocraíonn sé dul go hÁrainn chuig cluiche peile. Nuair nach mbíonn ach áit do bheirt ar bhád Tom Beag, tagann Liam ar phlean a chuireann athrú tubaisteach ar a shaol go deo. Seo lá nach ndéanfaidh Liam dearmad go brách air. |
| ***An Teanga Rúnda***<br>13 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Brian Durnin<br>**Scríbhneoir:** Brian Durnin<br><br>Gaeilge a labhraíonn James agus a athair Mícheál nuair a bhíonn siad i mbun a ngnó spiaireachta rúnda. Ní fhéadfadh máthair James fáil amach faoi na misin rúnda a bhíonn ar bun acu. Ach luath nó mall beidh a fhios ag gach duine faoin méid a bhíonn ar siúl acu. |
| ***Céad Ghrá***<br>12 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Brian Deane<br>**Scríbhneoir**: Matthew Roche<br><br>Téann beirt dlúthchara sa tóir ar a gcéad ghrá. |
| ***Clare sa Spéir***<br>19 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Audrey O'Reilly<br>**Scríbhneoir:** Audrey O'Reilly<br><br>Cé a chreidfeadh go mbeadh bean ina cónaí thuas i dtigín crainn in eastát tithíochta ar imeall Bhaile Átha Cliath? |
| ***Cúilín Dualach***<br>12 nóim<br> | **Stiúrthóir:** Nora Twomey<br>**Scríbhneoir:** Jackie Mac Donncha<br><br>Bhuaigh an clár seo gradam ag an bhFéile Scannánaíochta Ceilteach. Tá *Cúilín Dualach* bunaithe ar ghearrscéal faoin gcaoi a gcaitear fós le daoine faoi mhíchumas. Nuair a thagann Cúilín ar an saol bíonn a cheann iompaithe siar. Bíonn grá ag a mháthair dó ón tús ach ní bhíonn aird ag aon duine eile air, fiú a athair féin. Ar feadh a shaoil bíonn Cúilín ag iarraidh grá agus meas a athar a tharraingt chuige féin ach nuair a éiríonn leis bíonn sé ró-mhall. |

**Blurbaí ó:** TG4 Foghlaim agus ó www.thisisirishfilm.ie